Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0145(NLE)

5.2.2026

***

DRÉACHTMHOLADH

cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh
(11280/2025 – C10-0279/2025 – 2025/0145(NLE))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Jaroslav Bžoch

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 8

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le haistriú sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (11280/2025 – C10-0279/2025 – 2025/0145(NLE))

(Toiliú)

Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (11280/2025),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (11281/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(2) agus le hAirteagal 87(2), pointe (a), agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0279/2025),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ríocht na hIorua.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá sé mar aidhm leis an gCinneadh a mholtar ón gComhairle formheas a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí (PNR) chun cionta sceimhlitheoireachta agus coireacht thromchúiseach a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh (an 'Comhaontú').

Tá freagracht chomhroinnte ar an Iorua agus ar na Ballstáit atá ina bpáirtithe conarthacha i gCoinbhinsiún Schengen, an tslándáil inmheánach a áirithiú laistigh de limistéar coiteann gan rialuithe teorann inmheánaí, lena n-áirítear trí fhaisnéis ábhartha a mhalartú. Is é atá i gceist le sonraí as an Taifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR), faisnéis a sholáthraíonn paisinéirí, a bailíodh le linn na bpróisis áirithinte agus seiceáil isteach agus a dhéanann córais rialaithe áirithinte agus imeachta na n-aeriompróirí a choinneáil chun a gcríoch tráchtála féin. Léirigh comhaontaithe atá ann cheana maidir le próiseáil sonraí PNR le tríú tíortha an acmhainneacht atá ann chun feabhas a chur ar an tslándáil laistigh de limistéar Schengen. Leis na comhaontuithe sin feabhsaítear an sceimhlitheoireacht agus coireacht thromchúiseach a chosc agus a bhrath, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, ar airm thine, agus ar dhaoine, ag teorainneacha seachtracha an Aontais, lena ndéantar foráil maidir le chur chuige rioscabhunaithe agus sonraíbhunaithe chomh maith, gur féidir leis na mBallstáit a úsáid mar bheart cúiteach as an easpa rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen.

Cé nach ndearnadh measúnú ar an Iorua mar thríú tír faoi Rialachán 2016/679 (an 'RGCS'), níl feidhm ag an gcreat dlíthiúil seo ar phróiseáil sonraí pearsanta, lena n-áirítear sonraí PNR, ag údaráis forfheidhmithe dlí na hIorua le haghaidh cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú. Ag an am céanna, tá an Iorua faoi cheangal ag gníomhartha an Aontais ar forbairt iad ar fhorálacha *acquis* Schengen. Ní forbairt ar *acquis* Schengen í an Treoir (AE) 2016/680 (an 'Treoir PNR'), áfach, agus dá bhrí sin tá an Iorua rannpháirteach i gcur chun feidhme an gníomh dlí seo.

Faoin gcreat atá ann faoi láthair, ní fhéadfaidh an Iorua sonraí PNR maidir le heitiltí a oibríonn aeriompróirí idir an tAontas agus an Iorua a fháil ná a phróiseáil go dleathach. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gComhaontú an 6 Meán Fómhair 2023. Thug an Chomhairle a húdarú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht an 4 Márta 2024, agus cuireadh tús leis an gcaibidlíocht an 21 Márta 2024. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go foirmiúil an 9 Aibreán 2025, agus ghlac an Chomhairle leis an gComhaontú an 22 Meán Fómhair 2025. Shínigh an Coimisinéir Magnus Brunner agus an Státrúnaí Joakin Øren an Comhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Is é príomhchuspóir an Comhaontú an bhearna slándála atá ann sa limistéar Schengen a dhúnadh agus, ar an gcaoi sin, aeriompróirí a chur ar a gcumas sonraí PNR a aistriú chuig an Iorua agus *vice versa*. Chun sonraí pearsanta a aistriú agus a phróiseáil lena n-áirítear sonraí PNR, áfach, éilítear teorainneacha dochta agus coimircí éifeachtacha. De réir na Tuairime 16/2025 ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 24 Iúil 2025, bhí forálacha an Chomhaontaithe lena rialaítear aistriú agus próiseáil sonraí PNR sásúil. I ndáil leis sin, chuir an Coimisiún na rapóirtéirí ar an eolas ar an 28 Eanáir 2026, á dheimhniú go socraíonn an Comhaontú ardchaighdeáin, ní hamháin ó thaobh slándála de, ach ó thaobh príobháideachais agus cosanta sonraí de freisin.

I bhfianaise an mhéid sin, molann an Rapóirtéir don Pharlaimint téacs an dréacht-chinnidh ón gComhairle a fhormhuiniú.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach, nár chuir sé san áireamh ina thuarascáil aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj)